Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

# Straitéis Rannpháirteachais

## 2026-2030

*Neamhspleách*
*Oibiachtúil*
*Cuiditheach*
*Tiomanta don sármhaitheas*

# An Réamhrá

Tacaíonn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Oifig) leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a scrúdaíonn go neamhspleách conas a chaitear airgead poiblí.


# Cuspóir agus raon feidhme na straitéise rannpháirteachais seo

Cumarsáid agus rannpháirteachas éifeachtach atá ag croí ár sainordú a sholáthar. Inár Ráiteas Straitéise 2026 – 2030 leagtar amach príomhbhearta le cur ar ár gcumas ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach maidir le seirbhísí iniúchóireachta airgeadais agus iniúchóireachta feidhmíochta ar ardchaighdeán agus gairmiúil a bhaint amach agus difear a dhéanamh do na comhlachtaí ar a ndéanaimid iniúchadh, don Oireachtas agus don phobal.

Sainaithnítear ár bpríomhpháirtithe leasmhara sa straitéis rannpháirteachais sin, na fáthanna a mbímid rannpháirteach leo, agus na modhanna nó cainéil a úsáidfimid le bheith rannpháirteach leo.

# Ár bPáirtithe Leasmhara

Agus muid ag comhlíonadh ár gcuid oibre bímid rannpháirteach le réimse leathan páirtithe leasmhara.



# Ár ngníomhaíochtaí rannpháirteachais

Bainfimid leas as modhanna iomchuí chun bheith rannpháirteach le páirtithe leasmhara ag brath ar an teachtaireacht agus ar an spriocphobal.

## Cur ar an eolas

- Tuarascálacha foilsithe
- Freastal ar CCP
- Láithreán gréasáin / meáin shóisialta
- Comhfhreagras scríofa/ríomhphost
- Fón
- Cruinniú duine le duine

## Dul i gcomhairle

- Cruinniú duine le duine
- Comhfhreagras scríofa/ríomhphost
- Fón

## Comhoibriú

- Meithleacha
- Láithreoireachtaí
- Obair i gcomhpháirt

Bímid ag féachaint i gcónaí le bheith nuálach ionas go mbreithneoimid ar bhealach gníomhach bealaí nua rannpháirteachais amhail teicneolaíochtaí atá ag teacht aníos a úsáid.

# A mbímid rannpháirteach leis

Bímid rannpháirteach le grúpaí difriúla páirtithe leasmhara ar chúiseanna éagsúla.

- Úsáid airgid agus acmhainní poiblí a fheabhsú, agus cuntasacht phoiblí a neartú
- Comhoibriú ar chúrsaí oibre comhpháirteacha atá ábhartha dár sainordú
- Feasacht faoinár gcuid oibre a threisiú
- Cur ar an eolas faoinár luachanna, straitéisí, pleananna agus feidhmíocht
- Dul i gcomhairle, nó aiseolas a lorg faoi ghnéithe ar leith dár n-obair
- Léargais iniúchóireachta a chomhroinnt nó treoir faoi dhea-chleachtas a fhorbairt maidir le bainistíocht agus úsáid acmhainní poiblí

Is é ár gcroí-mhisean an oiread luacha agus is féidir linn a chur leis an tseirbhís phoiblí in Éirinn trí sheirbhísí iniúchóireachta ardcháilíochta a chur ar fáil.

Is é an Coiste um Chuntais Phoiblí an fóram chun freagracht phoiblí dhaonlathach a oibriú ar chuntais comhlachtaí poiblí agus tuarascálacha a cuireadh faoi bhráid Dháil Éireann, agus ní dhéanaimid trácht ar na hábhair sin roimh chruinnithe an Choiste, ná ina ndiaidh.

# Mionsonraí ár rannpháirteachais le príomhpháirtithe leasmhara

Tá leagtha amach thíos againn ár ngníomhaíochtaí rannpháirteachais le gach ceann dár bpríomhpháirtithe leasmhara agus formáid agus uainiú an rannpháirteachais sin. Tuairisceoimid ar bhonn bliantúil ár bhfeidhmíocht maidir le príomh-mhéadracht.

## Dáil Éireann

Tuairiscítear torthaí ár gcuid oibre, a dhéantar ar bhealach neamhchlaonta neamhspleách, chuig Dáil Éireann. Is é an Coiste um Chuntais Phoiblí (CCP) an comhlacht de chuid Dháil Éireann atá freagrach as tuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a bhreithniú. Trínár dtuarascálacha tacaímid le scrúdú daonlathach ar chuntasaíocht agus úsáid acmhainní poiblí ag ranna rialtais láir agus comhlachtaí poiblí. Táimid ag iarraidh cabhrú leis na baill agus iad ag tabhairt faoina gcuid freagrachtaí.

| Gníomhaíocht rannpháirteachais | Formáid | Tréimhse |
|---|---|---|
| Tuarascáil bhliantúil ar chuntais na seirbhísí poiblí agus cuntais leithreasa | Tuarascáil a fhoilsiú<br><br>Freastal ar CCP agus fianaise a chur faoina bhráid | Faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair<br><br>I rith na bliana |
| Tuairimí iniúchóireachta ar chuntais comhlachtaí poiblí atá iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | Freastal ar CCP agus fianaise a chur faoina bhráid | Nuair a leagann Aire ábhartha an Rialtais na cuntais iniúchta os comhair Dháil Éireann |
| Tuarascálacha ar scrúduithe | Freastal ar CCP agus fianaise a chur faoina bhráid | Nuair a leagann Aire ábhartha an Rialtais an tuarascáil os comhair Dháil Éireann |

# Comhlachtaí a ndéantar iniúchadh orthu

Bíonn comhlachtaí poiblí freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú ina dtaifeadtar a gcostais, fáltais agus seasamh airgeadais. Déanaimid iniúchadh ar na ráitis airgeadais sin i gcomhréir lenár bhfreagrachtaí reachtúla. Tá soláthar iniúchta éifeachtaigh thráthúil ar ráitis airgeadais lárnach don mhéid a dhéanaimid, agus baineann méid suntasach rannpháirteachais leis na comhlachtaí faoi thrácht leis, lena n-áirítear lucht ardbhainistíochta agus coistí iniúchóireachta. Tá sé tábhachtach dá réir sin do chomhlachtaí iniúchta go gcuirimid torthaí ár gcuid oibre in iúl ar bhealach soiléir dearfach tráthúil sa chaoi gur féidir leo a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Bímid rannpháirteach freisin roimh thuarascálacha poiblí chun cruinneas fíorasach ár dtorthaí a dheimhniú, agus deis a chur ar fáil don chomhlacht le freagra a thabhairt.

| Gníomhaíocht rannpháirteachais | Formáid | Tréimhse |
|---|---|---|
| Tuairim iniúchóireachta ar na cuntais | An tuarascáil a chur faoi bhráid an chomhlachta | Tar éis don chomhlacht na cuntais a fhaomhadh |
| Straitéis iniúchóireachta | Doiciméad scríofa agus/nó ó bhéal leis an lucht bainistíochta nó an coiste iniúchóireachta | Ag céim thosach feidhme na hiniúchóireachta |
| Cuirtear torthaí iniúchtaí maidir le heasnaimh rialaithe in iúl tar éis machnamh a dhéanamh ar fhreagraí na bainistíochta in éineacht lenár moltaí don fheabhsú | Doiciméad scríofa agus/nó ó bhéal leis an gcoiste iniúchóireachta | Cuirtear mórthorthaí in iúl roimh thuairim an iniúchta; cuirtear easnaimh maidir le rialú in iúl go foirmiúil tar éis an iniúchta |
| Léargais iniúchóireachta a chomhroinnt | Trí mheán imeachtaí earnála, rannán léargas iniúchóireachta ar ár láithreán gréasáin | Tréimhsiúil |

# Comhlachtaí maoirseachta

Feidhmíonn ranna rialtais láir agus údaráis mhaoinithe ról tábhachtach sa mhaoirseacht ar úsáid cistí poiblí ag gníomhaireachtaí iartheachtacha agus soláthraithe seirbhísí. I gcás ina mbíonn sainordú iniúchóireachta nó cigireachta againn maidir le gníomhaireachtaí iartheachtacha nó soláthraithe seirbhísí ar mian linn torthaí ár n-oibre a chur in iúl dóibh, i gcás inarb ábhartha, chun cuidiú le feidhmíocht um úsáid acmhainní poiblí agus maoirseacht a fheabhsú. Is mian linn a bheith rannpháirteach le comhlachtaí maoirseachta ar bhealach tráthúil dearfach chun cúnamh le comhlachtaí maoirseachta i gcomhlíonadh a bhfreagrachtaí.

| Gníomhaíocht rannpháirteachais | Formáid | Tréimhse |
|---|---|---|
| Ceisteanna móra nach mór a chur faoina mbráid | Ó bhéal nó doiciméad scríofa | De réir mar is gá |

# Údaráis reachtúla

Tá freagrachtaí orainn atá leagtha amach sa reacht nó trí chleachtas seanbhunaithe chun éagóir thromchúiseach a thuairisciú leis na húdaráis ábhartha ar a bhfuil freagracht reachtúil. Mar shampla, bíonn cúrsaí a bhaineann le héillitheacht nó calaois amhrasta intuairiscithe leis an nGarda Síochána, agus bíonn cionta amhrasacha de réir dhlí na gcuideachtaí intuairiscithe le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Oibreoimid go dlúth le húdaráis reachtúla ina n-aithnímid na cúrsaí sin mar chuid dár n-obair iniúchóireachta. Ina theannta sin, tá oibleagáidí chun tuairisciú ag an Oifig ag eascairt óna cuid oibríochtaí corparáideacha féin.

| Gníomhaíocht rannpháirteachais | Formáid | Tréimhse |
|---|---|---|
| Ceisteanna móra nach mór a chur faoina mbráid | Ó bhéal nó doiciméad scríofa | De réir mar is gá |

# An preas agus na meáin chraolta

Tá ról tábhachtach le feidhmiú ag na meáin chun torthaí ár n-oibre a chur in iúl don phobal i gcoitinne. Tarraingímid aird na meán ar thuarascálacha nuafhoilsithe, chomh maith le mionsonraí den duine nó de na daoine is fearr atá in ann cúnamh le haon fhiosruithe.

| Gníomhaíocht rannpháirteachais | Formáid | Tréimhse |
|---|---|---|
| Preasfhógra | Láithreán gréasáin, ríomhphost agus meáin shóisialta roghnaithe | Ar thuarascáil a fhoilsiú |
| Réamhfhógra sna meáin | Ríomhphost | Lá roimh fhoilsiú na gcuntas leithreasa |
| Iarrataí ar fhaisnéis | Ríomhphost nó ó bhéal | Arna iarraidh sin |

# Pobal i gcoitinne

Cuirimid chun cinn ár n-obair agus rannchuidiú leis an tseirbhís phoiblí chun iarrthóirí a mhealladh ar spéis leo a bheith ina gcuntasóirí gairmiúla nó a ngairmréim ghairmiúil in obair maidir hiniúchóireacht phoiblí agus luach ar airgead a fhorbairt.

Ó am go chéile, déanann daoine ón bpobal nó fostaithe comhlachtaí poiblí nochtuithe maidir le húsáid acmhainní poiblí nó féadann siad fiosruithe a chur orainn. Féachfaimid le freagairt do nochtuithe agus iarrataí ar fhaisnéis trínár ról a mhíniú, agus urraim á léiriú dár bhfreagrachtaí reachtúla chun rúndacht cliant a choinneáil agus chun tuairisciú chuig Dáil Éireann amháin maidir le torthaí ár n-oibre.

| Gníomhaíocht rannphháirteachais | Formáid | Tréimhse |
|---|---|---|
| Tuarascálacha foilsithe | Láithreán gréasáin agus meáin shóisialta roghnaithe | Arna fhoilsiú ag An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| Ár ról, sainordú agus feidhmíocht | Láithreán gréasáin, meáin shóisialta roghnaithe, aoi-léachtaí | Ar bun |
| Deiseanna gairmréime | Láithreán gréasáin, meáin shóisialta roghnaithe, aontaí earcaíochta | Ar bun |
| Nochtuithe faoin éagóiritheoireacht | Comhfhreagras scríofa, ó bhéal agus/nó cruinniú duine le duine | Ar nochtadh a fháil |
| Iarrataí ar fhaisnéis | Comhfhreagras scríofa, ríomhphost nó ó bhéal | Arna iarraidh sin |

# Iniúchóirí poiblí eile

Déanaimid iniúchóireacht i gcomhar lenár gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann sna comhlachtaí atá bunaithe de réir Chomhaontú Aoine an Chéasta. Tá roinnt iniúchóirí poiblí eile ann ar a bhfuil freagracht as cistí poiblí in Éirinn a iniúchadh. Mar shampla, bíonn freagracht ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa as iniúchóireacht a dhéanamh ar chistí Eorpacha agus is í Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil a dhéanann iniúchóireacht ar na húdaráis áitiúla. Beimid rannpháirteach ar bhealach dearfach le hiniúchóirí poiblí eile i gcomhlíonadh a sainordaithe. Mar an t-iniúchóir poiblí náisiúnta, bímid
ag coinneáil caidreamh ar bun le comhlachtaí idirnáisiúnta éagsúla agus le comhghleacaithe i ndlínsí eile, amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta (INTOSAI).

| Gníomhaíocht rannpháirteachais | Formáid | Tréimhse |
|---|---|---|
| Comhoibriú ar limistéir leasa fhrithpháirtigh, mar shampla limistéir iniúchóireachta thrasdlínsiúla | Obair i gcomhpháirt ar iniúchadh agus/nó scrúduithe | Go bliantúil ar iniúchtaí Thuaidh Theas<br><br>Ó am go chéile i gcás ina dtagann cúrsaí aníos nó mar fhreagairt ar iarrataí |
| Taithí a bhabhtáil, léargais a chomhroinnt, agus forbairtí idirnáisiúnta eile | Rannpháirtíocht i gcoistí, meithleacha, comhdhálacha agus cláir babhtála foirne | Ar bun |

# Gairm na hiniúchóireachta, comhlachtaí gairmiúla, acadúla agus eile

Is féidir linn níos mó a bhaint as saineolas agus taithí eagraíochtaí gairmiúla agus acadúla chun cuidiú linn tuiscint níos fearr a fháil ar ár spriocphobail agus ár bhfreastal a mhéadú. Is féidir le comhpháirtithe cabhrú linn ár dteachtaireachtaí agus ábhair aschurtha a scaipeadh, rud a leathnóidh ár bhfreastal agus a fhorbróidh ár n-údarás leis na spriocphobail sin.

| Gníomhaíocht rannpháirteachais | Formáid | Tréimhse |
|---|---|---|
| Comhoibriú ar chúrsaí dea-chleachtais amhail treoir a fhorbairt | Meithleacha nó comhdháil | Ar bun |
| Freastal ar fhóraim idirnáisiúnta thar ceann na hÉireann | Rannpháirtíocht ag comhdhálacha, etc | Ar bun |
| Rannpháirteachas le comhlachtaí cuntasaíochta<br>maidir le baill agus foireann is scoláirí | Idirchaidreamh a dhéanamh maidir le ceanglais cáilíochtaí,<br>próiseas scrúdaithe agus forbairt ghairmiúil leanúnach | Ar bun |
| Rannpháirteachas le comhlachtaí ábhartha gairmiúla agus acadúla | Idirchaidreamh a dhéanamh maidir le hionaid intéirneachta, aoichainteanna agus lenár bhfreastal a fhairsingiú i gcoitinne | Ar bun |

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 PF72
01 863 8600
*www.audit.gov.ie/ga/*